# Teastas Eorpach na Gaeilge

## Bonnleibhéal 2 (A2)
## Siollabas agus treoir d’iarrthóirí

**Lárionad na Gaeilge: Taighde, Teagasc agus Tástáil**
**Ollscoil Mhá Nuad**

teg
teastaseorpach na gaeilge

# Bonnleibhéal 2 (A2)
## Siollabas agus treoir d'iarrthóirí

ALTE Q222

An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta
Department of Rural and Community Development and the Gaeltacht

Crannchur Náisiúnta

Ollscoil Mhá Nuad
Ollscoil na hÉireann Má Nuad

## Clár Lch

1. Aidhm ... 4
2. Eolas ginearálta ... 4
   2.1 Labhairt agus Cluastuiscint ... 4
   2.2 Léamhthuiscint ... 5
   2.3 Scríbhneoireacht ... 5
   2.4 Sonraíochtaí teanga ... 6
Topaic 1: Ócáidí sóisialta ... 7
Topaic 2: An teaghlach ... 10
Topaic 3: Caitheamh aimsire ... 13
Topaic 4: Taisteal laethúil ... 16
Topaic 5: Cúrsaí oibre ... 19
Topaic 6: Ag labhairt faoin deireadh seachtaine ... 22
Topaic 7: Bia agus deoch ... 25
Topaic 8: Sláinte agus tinneas ... 29
Topaic 9: Ag déanamh cur síos ar dhaoine ... 32
Topaic 10: Éadaí agus siopadóireacht ... 35
Topaic 11: Ag pleanáil laethanta saoire ... 37
Topaic 12: Treoracha, suíomh agus gluaiseacht ... 40
Topaic 13: Garanna agus cead ... 42
Topaic 14: Ag déanamh socruithe ... 45
3. Treoir do Scrúdú Bhonnleibhéal 2 (A2) ... 47
   3.1 Treoir ghinearálta ... 47
   3.2 An scrúdú cluastuisceana ... 48
   3.3 An scrúdú léamhthuisceana ... 49
   3.4 An scrúdú scríbhneoireachta ... 50
   3.5 An scrúdú cainte ... 51

### 1. *Aidhm*

Is scrúdú inniúlachta Gaeilge atá i *Scrúdú Bhonnleibhéal 2 (A2)*. Tá sé dírithe, den chuid is mó, ar fhoghlaimeoirí fásta in Éirinn nó thar lear atá ag freastal ar ranganna oíche nó ar chúrsaí eile Gaeilge. Tá sé oiriúnach chomh maith dóibh siúd atá i mbun staidéar príobháideach. Go bunúsach, is scrúdú é seo a fhreastalaíonn orthu siúd ar fad ar mhaith leo cruthúnas ar a gcumas sa teanga.

Sa scrúdú seo, déantar tástáil ní amháin ar a bhfuil sa siollabas don leibhéal seo ach, chomh maith leis sin, ar a bhfuil i siollabas Bhonnleibhéal 1. Cuid mhór de na hiarrthóirí a thugann faoin scrúdú seo, is amhlaidh atá *Scrúdú Bhonnleibhéal 1 (A1)* gnóthaithe acu cheana. Tá an tsonraíocht atá mar bhunús le *Scrúdú Bhonnleibhéal 2 (A2)* bunaithe go ginearálta ar na tuairiscíní do leibhéal A2 den *Common European Framework of Reference for Languages* (2001). Meastar gur cheart d'iarrthóirí a bhfuil leibhéal bhonnleibhéal 1 (A1) bainte amach acu timpeall 160-200 uair an chloig sa bhreis a chaitheamh i mbun staidéir sula dtugann siad faoin scrúdú seo. Níl ceangal ar bith idir an scrúdú féin agus cúrsa faoi leith teanga. Sa cháipéis seo, gheobhaidh tú eolas maidir leis na nithe seo a leanas:

Siollabas do *Scrúdú Bhonnleibhéal 2 (A2)*
Treoir do *Scrúdú Bhonnleibhéal 2 (A2)*

### 2. *Eolas ginearálta*

Leagtar síos sa tsonraíocht seo an t-íosmhéid teanga atá riachtanach chun go mbeidh iarrthóirí in ann feidhmiú taobh istigh de raon teoranta ábhar. Tá fócas ar fheidhmeanna teanga faoi leith a bhaineann le topaicí éagsúla. Tugtar samplaí de na nathanna cainte a d'fhéadfadh a bheith in úsáid ag iarrthóirí agus iad i ngleic leis na feidhmeanna éagsúla. Lena chois sin, tugtar liostaí d'fhocail agus frásaí úsáideacha. Níl na liostaí sin cuimsitheach, áfach, agus meabhraítear d'iarrthóirí go gcaithfidh siad féin díriú ar thopaicí agus ar stól focal a bhfuil baint dhíreach acu lena gcuid réimsí spéise agus lena gcúinsí féin.

Seo thíos léiriú gearr ar na rudaí is féidir le hiarrthóirí ag an leibhéal seo a dhéanamh sna scileanna éagsúla.

#### *2.1 Labhairt agus Cluastuiscint*

Ag an leibhéal seo, beidh na hiarrthóirí in ann cur síos simplí a thabhairt ar a gcúlra, a gcuid oibre, na rudaí a dhéanann siad gach lá, rudaí a thaitníonn agus nach dtaitníonn leo. Beidh stór focal sách fairsing acu le páirt a ghlacadh i gcomhráite gairide simplí ar ghnáth-thopaicí go réasúnta éasca, cé go mbeidh siad rud beag stadach in amanna.

Tuigfidh siad abairtí simplí agus frásaí coitianta a bhaineann leis an ngnáthshaol, fad is go mbíonn an friotal soiléir agus nach labhraítear go róghasta ná go róchanúnach.

Beidh siad fós ag brath go mór ar dhaoine eile cuidiú leo cumarsáid a dhéanamh. Beidh iarrthóirí in ann ceisteanna ginearálta a chur agus an chumarsáid a choinneáil ar siúl trí iarraidh ar dhaoine rudaí a athrá, a shoiléiriú nó malairt focal a úsáid srl. Beidh siad ábalta frásaí coitianta a úsáidtear le beannú do dhaoine nó slán a fhágáil a úsáid mar is ceart.

Ó thaobh na foghraíochta de, beidh caint na n-iarrthóirí soiléir go leor le go dtuigfear í, tríd is tríd. Bíodh sin mar atá, beidh tionchar a máthairtheanga(cha) le brath agus is féidir go mbeidh ar chomhchainteoirí soiléiriú a lorg anois is arís.

Ní miste d'iarrthóirí a rogha canúint a úsáid ach níltear ag súil leis, ag an leibhéal seo, go gcloífidh siad go leanúnach le canúint amháin.

Beidh iarrthóirí in ann struchtúir shimplí a úsáid mar is ceart, ach fós féin beidh earráidí áirithe á ndéanamh acu arís is arís eile, mar shampla na haimsirí a bheith trí chéile. Sin ráite, is gnách go dtuigtear an méid a bhíonn á rá ag an iarrthóir ón chomhthéacs.

### *2.2 Léamhthuiscint*

Beidh iarrthóirí in ann déileáil le téacsanna gairide simplí a bhaineann le gnáthábhair nithiúla agus a bhfuil stór focal coitianta ardmhinicíochta iontu. Féach na sonraíochtaí thíos. Beidh siad ábalta brí ghinearálta a bhaint as téacs (mar shampla, teachtaireacht ríomhphoist nó litir) nó sonraí áirithe agus pointí eolais faoi leith a thuiscint i dtéacs gairid, fad is gur friotal simplí atá in úsáid agus go mbaineann an téacs le réimse a bhfuil eolas éigin acu air nó suim acu inti. Ní bheidh siad in ann déileáil le hábhair atá teibí nó nach mbíonn stór focal coitianta le fáil iontu. Beidh ar fhoghlaimeoirí úsáid a bhaint as na hacmhainní teoranta atá acu ó thaobh stór focal agus struchtúr de chun brí a bhaint as an téacs agus chun sonraí i dtéacsanna simplí a thuiscint.

### *2.3 Scríbhneoireacht*

Beidh iarrthóirí in ann abairtí an-simplí a scríobh i dteachtaireacht ríomhphoist nó a leithéid faoi ábhair a bhaineann go dlúth lena saol féin, mar shampla 'Tá mé ag dul chuig an phictiúrlann anocht.' Ag an leibhéal seo, beidh na hiarrthóirí in ann abairtí agus frásaí simplí a chur le chéile le cónaisc shimplí ar nós 'agus', 'ach' agus 'mar'.

Beifear ag súil go mbeidh iarrthóirí in ann na struchtúir shimplí ghramadaí atá leagtha amach sa cháipéis seo a láimhseáil i gceart. Sin ráite, glactar leis go ndéanfaidh siad botúin uaireanta agus seans go gcothóidh na botúin sin deacrachtaí tuisceana don léitheoir. Moltar d'iarrthóirí aird faoi leith a thabhairt ar cheartúsáid na mbunstruchtúr gramadaí agus ar an litriú. Tá easpa feasachta maidir le cruinneas gramadaí agus leanúnachas maidir le cur i bhfeidhm rialacha gramadaí le sonrú i measc fhoghlaimeoirí na Gaeilge ag gach leibhéal cumais. Chuige sin, cuirtear béim ar chruinneas gramadaí agus litrithe sna córais mharcála don scríbhneoireacht ag na leibhéil ar fad, fiú ag na bonnleibhéil.

### ***2.4 Sonraíochtaí teanga***

Tá mionsonraí maidir le topaicí, feidhmeanna teanga, stór focal, struchtúir ghramadaí srl. ar a bhfuil an scrúdú seo bunaithe le fáil thíos.

***Topaic 1: Ócáidí sóisialta***

| | **Feidhmeanna** | **Samplaí** |
|---|---|---|
| 1.1 | Ag tagairt don aimsir ag tús comhrá. | Tá lá breá ann.<br>Tá cinnte. Tá sé go deas.<br>Tá drochlá ann.<br>Tá. Tá sé fliuch.<br>Tá sé fuar. |
| 1.2 | Ag gabháil leithscéil as ucht a bheith mall. Ag cur in iúl do dhuine gur cuma é/í bheith mall. | Tá brón orm go bhfuil mé déanach. Bhí an trácht an-trom.<br>Ná bí buartha. Tá tú ceart go leor. |
| 1.3 | Ag fiafraí de dhuine ar bhuail sé/sí le duine eile cheana agus ag freagairt na ceiste sin. | Ar bhuail tú le Síle (cheana)?<br>Níor bhuail. Cén chaoi a bhfuil tú, a Shíle?<br>Bhuail. Bhuaileamar le chéile ag bainis Áine. |
| 1.4 | Ag fiafraí de dhuine an duine áirithe é/í agus ag freagairt na ceiste sin. | An tusa cara Chlár?<br>Is mé. Bhíomar ar scoil le chéile.<br>An deartháir le Liam é sin?<br>Ní hea. |
| 1.5 | Ag fiafraí de dhuine an bhfuil sé/sí ag baint sult as ócáid shóisialta agus ag freagairt na ceiste sin. | An bhfuil tú ag baint taitneamh as an chóisir?<br>Tá. Tá sí go hiontach. |
| 1.6 | Ag cur tuairim in iúl, féachaint an aontaíonn duine leat. | Tá an cheolchoirm go maith, nach bhfuil?<br>Tá. Tá sí ar fheabhas. |
| 1.7 | Ag ól sláinte duine. | Sláinte! |
| 1.8 | Ag guí breithlá sona, srl. ar dhuine agus ag freagairt a leithéid de ghuí. | Lá breithe sona duit.<br>Nollaig shona duit.<br>Athbhliain faoi mhaise duit.<br>Go mba é duit. |

| | **Feidhmeanna** | **Samplaí** |
|---|---|---|
| 1.9 | Ag rá go gcaithfidh tú imeacht agus ag rá cén fáth. Ag cur in iúl go bhfuil aiféala ort go bhfuil duine ag imeacht. | Caithfidh mé imeacht. Tá orm éirí go luath.<br>Caithfidh mé an bus deireanach a fháil.<br>Is mór an trua sin. |
| 1.10 | Ag fágáil slán ag duine. | Ádh mór.<br>Slán abhaile. |

| **Gramadach** | **Samplaí** |
|---|---|
| An chopail *is* | An tusa …? |
| Ainmfhocal + aidiacht | lá breá |
| Ceisteanna agus freagraí san aimsir chaite | Ar bhuail tú …?<br>Bhuail/níor bhuail |

| **Stór focal** | **Samplaí** |
|---|---|
| Ócáidí sóisialta | bainis<br>cóisir (lá breithe)<br>ceolchoirm |
| Ginearálta | buail le<br>Nollaig<br>athbhliain |

Beidh an t-iarrthóir ábalta…

***Labhairt***
Caint bhunúsach a dhéanamh agus é/í i láthair ag ócáid shóisialta.

***Éisteacht***
Ceisteanna simplí agus beannachtaí a chloistear de ghnáth ag ócáidí sóisialta a thuiscint.

***Léamh***
Cuid den stór focal a bhaineann le hócáidí sóisialta, cóisirí agus an Nollaig a thuiscint, mar shampla 'Nollaig shona' scríofa ar chárta.

***Scríobh***
Teachtaireachtaí simplí a scríobh, ar chárta Nollag nó ar chárta lá breithe, cuir i gcás.

***Topaic 2: An teaghlach***

| | Feidhmeanna | Samplaí |
|---|---|---|
| 2.1 | Ag fiafraí de dhuine cá fhad atá sé/sí pósta nó geallta le duine, scartha ó dhuine agus ag freagairt na gceisteanna sin. | Cá fhad atá tú pósta?<br>Cá fhad atá sibh scartha?<br>Tá mé pósta le deich mbliana.<br>Táimid pósta le fiche bliain.<br>Táimid scartha anois le dhá bhliain.<br>Táimid geallta le bliain anois. |
| 2.2 | Ag fiafraí de dhuine cá fhad a bhí sé/sí pósta nó ag siúl amach le duine agus ag freagairt na ceiste sin. | Cá fhad a bhí tú pósta?<br>Bhí mé pósta ar feadh ocht mbliana.<br>Cá fhad a bhí sibh ag siúl amach le chéile?<br>Bhíomar ag siúl amach le chéile ar feadh trí bliana. |
| 2.3 | Ag lorg agus ag tabhairt eolais faoin líon mac agus iníonacha atá ag duine agus a c(h)éile. | Cá mhéad páiste atá agaibh?<br>Tá mac amháin agus triúr iníonacha againn.<br>Beirt iníonacha agus mac amháin. |
| 2.4 | Ag lorg agus ag tabhairt eolais faoi aois páistí. | Cén aois atá do mhac/Cén aois atá sé?<br>Cén aois atá d'iníon/Cén aois atá sí?<br>Cén aois atá siad?<br>Tá an duine is óige trí bliana.<br>Tá an duine is sine deich mbliana. |
| 2.5 | Ag rá cá mhéad deartháir agus deirfiúr atá agat. | Tá deartháir amháin agus beirt deirfiúracha agam.<br>Níl deartháir ná deirfiúr ar bith agam.<br>Is páiste aonair mé. |
| 2.6 | Ag fiafraí cá bhfuil baill den teaghlach ina gcónaí agus ag freagairt na ceiste sin. | Cá bhfuil sé ina chónaí?<br>Cá bhfuil sí ina cónaí?<br>Cá bhfuil siad ina gcónaí?<br>Tá siad ina gcónaí i mBaile Átha Cliath anois.<br>Tá Brídín ina cónaí i gCorcaigh.<br>Tá Stiofán ina chónaí i Londain le cúig bliana anois. |

| | **Feidhmeanna** | **Samplaí** |
|---|---|---|
| 2.7 | Ag cur baill éagsúla den teaghlach in aithne. | Seo é mo dhearth//áir Niall.<br>Seo í mo dheirfiúr Siobhán.<br>Seo iad mo chuid deartháireacha.<br>Seo iad mo chuid deirfiúracha. |

| **Gramadach** | **Samplaí** |
|---|---|
| *Le* v ar *feadh* | Táimid pósta le dhá bhliain.<br>Bhíomar pósta ar feadh sé bliana. |
| Uimhreacha pearsanta + ainmfhocal | triúr iníonacha |
| Bliain amháin – fiche bliain | ocht mbliana<br>trí bliana déag |
| An aidiacht shealbhach (*mo* agus *do*) | mo dheirfiúr<br>do mhac |
| Cónaí | Tá sé ina chónaí i Meiriceá.<br>Tá sí ina cónaí i nGaillimh.<br>Tá siad ina gcónaí i Nua-Eabhrac. |

| **Stór focal** | **Samplaí** |
|---|---|
| Stádas pósta | geallta |
| Daoine | deartháireacha<br>deirfiúracha<br>mic<br>iníonacha<br>uncail<br>aintín<br>nia<br>neacht<br>seanathair/athair mór<br>seanmháthair/máthair mhór<br><br>col ceathrair (nó col ceathrar)<br>col ceathracha |

Beidh an t-iarrthóir ábalta…

***Labhairt***
Labhairt faoina stádas pósta anois agus san am a chuaigh thart, eolas a thabhairt faoina c(h)lann, agus baill éagsúla den teaghlach a chur in aithne.

***Éisteacht***
Cuid den stór focal is bunúsaí a bhaineann leis an teaghlach a aithint i gcomhrá agus ceisteanna maidir lena t(h)eaghlach féin a thuiscint.

***Léamh***
Focail a bhaineann le stádas pósta a thuiscint ar fhoirmeacha agus na focail a bhaineann leis an teaghlach a thuiscint i gcuntais scríofa.

***Scríobh***
Cuntas gearr a scríobh faoina stádas pósta anois agus roimhe seo, faoina p(h)áistí agus a c(h)uid deartháireacha is deirfiúracha.

***Topaic 3: Caitheamh aimsire***

| | **Feidhmeanna** | **Samplaí** |
|---|---|---|
| 3.1 | Ag caint faoi na rudaí a dhéanann tú nuair a bhíonn am saor agat. | Is maith liom galf a imirt.<br>Is maith liom dul ag snámh.<br>Is maith liom dul chuig scannáin.<br>Is breá liom a bheith ag féachaint ar an teilifís.<br>Is breá liom a bheith ag éisteacht le ceol. |
| 3.2 | Ag fiafraí de dhuine an maith leis caitheamh aimsire áirithe agus ag freagairt na ceiste sin. | An maith leat(sa) a bheith ag snámh?<br>An maith leat(sa) leadóg a imirt?<br>Is maith/ní maith. |
| 3.3 | Ag cur tuairimí in iúl faoi chaitheamh aimsire. | Sílim go bhfuil an leadóg ceart go leor mar chaitheamh aimsire.<br>Ní maith liom ar chor ar bith/in aon chor í.<br>Sílim go bhfuil sé an-leadránach.<br>Sílim go bhfuil sé an-suimiúil. |
| 3.4 | Ag fiafraí de dhuine an bhfuil suim aige/aici i rud éigin agus ag freagairt na ceiste sin. | An bhfuil suim agat sa stair/sa cheol?<br>Tá suim mhór agam ann/inti.<br>Níl mórán suime agam ann.<br>Níl suim ar bith agam ann. |
| 3.5 | Ag rá cá huair a dhéanann tú rudaí éagsúla. | Téim chuig ceolchoirm go minic oíche Shathairn.<br>Imrím cispheil de ghnáth tráthnóna Dé Sathairn.<br>Bíonn traenáil agam de ghnáth oíche Mháirt. |
| 3.6 | Ag rá go bhfuil tú i do bhall de chlub nó de chumann. | Tá mé i mo bhall de chumann siúl sléibhe.<br>Tá mé i mo bhall de chlub leadóige. |
| 3.7 | Ag fiafraí de dhuine cé chomh minic is a dhéanann sé/sí rud éigin agus ag freagairt na ceiste sin. | Cé chomh minic is a imríonn tú cluiche peile?<br>Cé chomh minic is a théann tú chuig scannán?<br>Uair sa tseachtain/sa mhí.<br>Gach coicís nó mar sin. |

| | | |
|---|---|---|
| | | Anois is arís.<br>Nuair a bhíonn an t-am agam. |

| **Gramadach** | **Samplaí** |
|---|---|
| Ord focal | Is maith liom spórt a imirt. |
| An chopail | Is breá liom féachaint ar an teilifís. |
| An aidiacht shealbhach | i mo bhall |
| Dobhriathra ama | go minic<br>anois is arís |
| *Oíche* + séimhiú | oíche Dhomhnaigh<br>oíche Mháirt |

| **Stór focal** | **Samplaí** |
|---|---|
| Caitheamh aimsire<br>(go háirithe caitheamh aimsire an fhoghlaimeora) | litríocht<br>stair<br>iascaireacht<br>peil Ghaelach/an pheil Ghaelach<br>léitheoireacht<br>seinm ceoil<br>ceoltóir uirlis fidil/fidléir<br>damhsa<br>taisteal<br>seisiúin cheoil |
| Pointí ama | maidin<br>tráthnóna<br>oíche |

Beidh an t-iarrthóir ábalta…

***Labhairt***
Tuairimí éagsúla a chur in iúl faoi chaitheamh aimsire agus a rá cé chomh minic is a dhéanann sé/sí rudaí éagsúla.

***Éisteacht***
Ceisteanna simplí a bhaineann le caitheamh aimsire a thuiscint. In ann focail agus frásaí a thuiscint i gcomhrá faoi chaitheamh aimsire.

***Léamh***
Ainmneacha caitheamh aimsire a aithint agus na príomhphointí a thuiscint i gcuntas scríofa a bhaineann le caitheamh aimsire.

***Scríobh***
Cur síos simplí a scríobh faoina c(h)aitheamh aimsire, a rá cé chomh minic is a dhéanann sé/sí rudaí éagsúla

***Topaic 4: Taisteal laethúil***

| | **Feidhmeanna** | **Samplaí** |
|---|---|---|
| 4.1 | Ag fiafraí do dhuine an ndéanann sé/sí mórán taistil agus ag freagairt na ceiste sin. | An ndéanann tú mórán taistil?<br>Déanaim/ní dhéanaim.<br>Ní dhéanaim mórán taistil. Ní maith liom an baile a fhágáil.<br>Is breá liom a bheith ag taisteal. |
| 4.2 | Ag lorg agus ag tabhairt eolais faoi thaisteal chuig an ionad oibre. | Conas a théann tú go dtí an obair gach lá?<br>Tógaim an bus. Tá stad an bhus an-chóngarach do mo theach.<br>Tógaim an traein. Tá sí an-áisiúil.<br>Tiomáinim isteach sa chathair de ghnáth.<br>Téim ar an rothar.<br>An mbíonn an carr leat? |
| 4.3 | Ag plé cúrsaí ama. | Cén t-am a fhágann tú an teach?<br>Idir a hocht agus ceathrú tar éis a hocht.<br>Timpeall a seacht, de ghnáth. |
| 4.4 | Ag lorg agus ag tabhairt eolais faoi fhad an turais. | Cá fhad a thógann an turas?<br>Braitheann sé ar an trácht. Idir uair agus uair go leith, de ghnáth.<br>Tógann sé suas le leathuair an chloig.<br>Ní thógann sé ach fiche nóiméad. |
| 4.5 | Ag cur tuairimí in iúl faoi thaisteal. | Is fuath liom an turas.<br>Is cuma liom faoin turas.<br>Tá sé an-dainséarach a bheith ag rothaíocht anseo. |
| 4.6 | Ag rá céard a dhéanann tú le ham a mheilt le linn turais. | Léim leabhar/léim an páipéar.<br>Éistim leis an raidió.<br>Déanaim obair ar mo ríomhaire glúine. |
| 4.7 | Ag plé costais taistil. | Cá mhéad a chosnaíonn sé?<br>Cá mhéad atá ar thicéad singil/fillte?<br>Tá sé an-daor. Cosnaíonn ticéad fillte €60. |

| | **Feidhmeanna** | **Samplaí** |
|---|---|---|
| 4.8 | Ag plé cúrsaí tiomána. | An bhfuil tiomáint agat?<br>Níl. Táim ró-neirbhíseach le bheith ag tiomáint.<br>Tá. Táim ag tiomáint le cúpla bliain anois.<br>Tá. Tá ceadúnas tiomána agam le dhá bhliain anois. |

| **Gramadach** | **Samplaí** |
|---|---|
| Ceisteanna agus freagraí san aimsir láithreach | An ndéanann tú mórán taistil? |
| Réamhfhocail + an t-alt | ar an bhus/ar an mbus<br>sa charr<br>ar an traein<br>ar an rothar<br>ar an bhád/ar an mbád |
| An réimír *an-* | an-daor<br>an-neirbhíseach |

| **Stór focal** | **Samplaí** |
|---|---|
| Modhanna taistil | bus<br>traein<br>traein faoi thalamh<br>carr<br>rothar<br>gluaisrothar<br>bád |
| Tuairimí | áisiúil<br>dainséarach<br>leadránach |
| Ginearálta | turas<br>trácht<br>brú tráchta<br>mótarbhealach |

Beidh an t-iarrthóir ábalta…

***Labhairt***
Cur síos a dhéanamh ar an taisteal a dhéanann sé/sí go laethúil agus tuairimí a chur in iúl mar gheall air.

***Éisteacht***
Ceisteanna simplí agus cur síos bunúsach a bhaineann leis na nithe thuas a thuiscint.

***Léamh***
Ainmneacha na modhanna éagsúla taistil a aithint mar aon le tagairtí do thréimhsí ama.

***Scríobh***
Cur síos gearr a scríobh ar an taisteal a dhéanann sé/sí gach lá.

***Topaic 5: Cúrsaí oibre***

| | **Feidhmeanna** | **Samplaí** |
|---|---|---|
| 5.1 | Ag fiafraí de dhuine cén obair a dhéanann sé/sí agus ag freagairt na ceiste sin. | Cén tslí bheatha atá agat?<br>Rúnaí atá ionam.<br>Is bainisteoir mé.<br>Is fear gnó mé. |
| 5.2 | Ag rá cén cineál gnó atá agat. | Tá siopa ceoil agam.<br>Tá teach lóistín agam.<br>Tá mo chomhlacht féin agam. |
| 5.3 | Ag labhairt faoi do stádas oibre. | Níl mé ag obair faoi láthair.<br>Tá mé éirithe as/ar pinsean le bliain anois.<br>Chaill mé mo phost cúpla mí ó shin.<br>Tá mé ag lorg poist. |
| 5.4 | Ag lorg agus ag tabhairt tuairimí faoi phost. | An dtaitníonn an post leat?<br>Tá sé deacair go leor.<br>Tá an saoiste cairdiúil go leor.<br>Ní thaitníonn. Tá strus ag baint leis.<br>Ní thaitníonn. Tá sé an-leadránach.<br>Tá mo chomhoibrithe go deas. |
| 5.5 | Ag lorg agus ag tabhairt eolais faoi uaireanta oibre. | Cén t-am a thosaíonn tú ar maidin?<br>Cén t-am a chríochnaíonn tú tráthnóna?<br>Ar a naoi a chlog.<br>Timpeall/thart faoina sé nó mar sin. |
| 5.6 | Ag tabhairt eolais faoi dhálaí oibre. | Tá an pá/tuarastal go maith.<br>Fuair mé ardú céime an bhliain seo caite.<br>Bíonn cúig seachtaine laethanta saoire agam gach bliain. |
| 5.7 | Ag lorg agus tabhairt eolais faoin tréimhse atá caite ag duine i bpost. | Cá fhad atá tú ag obair ansin?<br>Le trí bliana.<br>Seacht mbliana nó mar sin. |
| 5.8 | Ag lorg agus ag tabhairt eolais faoi scileanna. | An bhfuil tiomáint agat?<br>Tá/níl.<br>An féidir leat ríomhaire a úsáid?<br>Is féidir/ní féidir. |

| | Feidhmeanna | Samplaí |
|---|---|---|
| | | An bhfuil Fraincis agat?<br>Tá. Is féidir liom go leor a thuiscint. |

| Gramadach | Samplaí |
|---|---|
| An t-infinideach gan chuspóir | Is féidir liom tiomáint. |
| An t-infinideach le cuspóir | Is féidir liom an Fhraincis a thuiscint. |

| Stór focal | Samplaí |
|---|---|
| Poist | oibrí monarchan<br>bainisteoir<br>dlíodóir<br>cuntasóir<br>aisteoir<br>fiaclóir<br>ealaíontóir<br>iriseoir<br>garda/póilín<br>fear an phoist/bean an phoist<br>fear gnó<br>bean ghnó |
| Áiteanna oibre | bunscoil<br>meánscoil<br>ollscoil<br>bialann<br>garáiste<br>teach lóistín<br>leabharlann<br>banc<br>siopa bróg/ceoil …<br>comhlacht |
| Dálaí oibre | laethanta saoire<br>pinsean<br>ardú céime |

Beidh an t-iarrthóir ábalta…

***Labhairt***
Cur síos a thabhairt ar an chineál poist atá aige/aici, na dálaí oibre, tuairimí simplí a nochtadh i dtaobh an phoist, a rá cad iad na scileanna atá aige/aici.

***Éisteacht***
Ceisteanna simplí agus cur síos bunúsach a bhaineann leis na nithe thuas a thuiscint.

***Léamh***
Ainmneacha fhormhór na bpost is coitianta a aithint agus éirím phíosa scríofa faoi na hábhair thuas a thuiscint.

***Scríobh***
Cur síos a scríobh faoin obair a dhéanann sé/sí: an cineál poist atá aige/aici, na dálaí oibre mar aon le tuairimí simplí a nochtadh i dtaobh an phoist agus na scileanna atá aige/aici.

***Topaic 6: Ag labhairt faoin deireadh seachtaine***

| | Feidhmeanna | Samplaí |
|---|---|---|
| 6.1 | Ag cur ceist ar dhuine faoin méid a bhí ar siúl aige/aici ag an deireadh seachtaine. | Cad é a rinne tú ag an deireadh seachtaine?<br>An ndearna tú aon rud ag an deireadh seachtaine? |
| 6.2 | Ag rá go ndeachaigh tú áit éigin. | Chuaigh mé go Corcaigh.<br>Chuaigh mé chuig scannán le mo chara, Bríd.<br>D'imir mé cluiche gailf le cúpla cara liom.<br>Ní dhearna mé faic/dada. |
| 6.3 | Ag fiafraí de dhaoine cén uair a chuaigh siad áit éigin agus ag freagairt na ceiste sin. | Cén uair/lá a chuaigh tú go Gaillimh?<br>Maidin Dé hAoine.<br>Oíche Shathairn. |
| 6.4 | Ag trácht ar na rudaí a rinne tú. | Chas mé le cairde sa teach tábhairne.<br>Bhreathnaigh mé ar DVD.<br>Chuaigh mé chuig ceolchoirm.<br>D'imir mé galf le mo dhearthháir.<br>Cheannaigh mé cúpla bronntanas.<br>Chonaic mé scannán maith.<br>Chuaigh mé ag siopadóireacht. |
| 6.5 | Ag fiafraí de dhaoine ar bhain siad sult as rud éigin agus ag freagairt na ceiste sin. | Ar bhain tú sult as an deireadh seachtaine?<br>Ar bhain tú sult as an cheolchoirm?<br>Ar thaitin an dráma leat?<br><br>Bhain.<br>Bhain mé an-sult as.<br>Níor bhain. Ní raibh sé rómhaith. |
| 6.6 | Ag cur tuairimí in iúl. | Bhí sé ar fheabhas/thar barr/thar cionn.<br>Bhí am iontach /ar dóigh agam.<br>Bhí sé róchostasach.<br>Bhí aimsir bhreá ann.<br>Bhí an aimsir go dona. |

| **Gramadach** | **Samplaí** |
|---|---|
| *oíche* + laethanta na seachtaine | oíche Mháirt<br>oíche Shathairn |
| An aimsir chaite den bhriathar | d'imir<br>chas (le)<br>d'éist… |
| Ceisteanna agus freagraí san aimsir chaite (na briathra neamhrialta san áireamh) | An ndeachaigh… Chuaigh/ní dheachaigh<br>An ndearna … Rinne/ní dhearna.<br>Ar bhain… Bhain/níor bhain. |
| *cúpla* + an uimhir uatha | cúpla lá<br>cúpla bronntanas |
| *go, go dtí, chuig* | |

| **Stór focal** | **Samplaí** |
|---|---|
| Tréimhsí ama | inné<br>aréir<br>Dé Luain seo caite<br>maidin inné<br>tráthnóna aréir |

Beidh an t-iarrthóir ábalta…

***Labhairt***
Cur síos simplí a dhéanamh ar na rudaí a rinne sé/sí le linn an deireadh seachtaine.
Ceisteanna bunúsacha a chur ar dhuine eile faoin ábhar céanna.

***Éisteacht***
Ceisteanna agus cur síos simplí a bhaineann leis an ábhar seo a thuiscint.

***Léamh***
Na príomhphointí a bhaineann le haon chur síos scríofa (dialann, mar shampla) ar an ábhar seo a thuiscint.

***Scríobh***
Cur síos bunúsach a scríobh ar rudaí a rinne sé/sí i gcaitheamh an deireadh seachtaine.

***Topaic 7: Bia agus deoch***

| | Feidhmeanna | Samplaí |
|---|---|---|
| 7.1 | Ag tairiscint deoch do dhuine, ag glacadh le tairiscint nó ag diúltú do thairiscint. | Cad ba mhaith leat?<br>Beidh caife dubh agam.<br>An mbeidh deoch agat?<br>Beidh gloine sú oráiste agam, le do thoil.<br>Ar mhaith leat gloine fíona?<br>B'fhearr liom gloine beorach, le do thoil. |
| 7.2 | Ag fiafraí de dhaoine an nglacann siad bainne agus siúcra agus ag freagairt na ceiste sin. | An nglacann/dtógann tú bainne?<br>Glacaim/Ní ghlacaim.<br>An nglacann tú siúcra?<br>Spúnóg amháin, le do thoil. |
| 7.3 | Ag lorg an bhiachláir. | An biachlár, le do thoil.<br>An féidir liom/linn an biachlár a fháil/a fheiceáil, le do thoil? |
| 7.4 | Ag fiafraí de dhaoine an bhfuil siad réidh le hordú. | An bhfuil tú/sibh réidh le hordú? |
| 7.5 | Ag ordú an chéad chúrsa. | (Ba mhaith liom) na beacáin, le do thoil.<br>Beidh an t-anraith agam(sa). |
| 7.6 | Ag fiafraí de dhaoine cad é ba mhaith leo don phríomhchúrsa agus ag freagairt na ceiste sin. | Cad é ba mhaith leat don phríomhchúrsa?<br>Agus don phríomhchúrsa?<br>Beidh an stéig agamsa, le do thoil.<br>Ba mhaith liomsa an sicín, le do thoil. |
| 7.7 | Ag cur agus ag freagairt ceisteanna faoin bhia. | An bhfuil prátaí leis sin?<br>Tá/níl.<br>Cad iad na glasraí atá agaibh?<br>Beacáin agus cóilis. |
| 7.8 | Ag fiafraí de dhaoine ar mhaith leo milseog agus ag freagairt na ceiste sin. | Ar mhaith leat/libh milseog?<br>Ba mhaith. Beidh an sailéad torthaí agamsa, le do thoil. |

| | **Feidhmeanna** | **Samplaí** |
|---|---|---|
| 7.9 | Ag lorg an chláir fíona agus ag ordú fíona. | An clár fíona, le do thoil.<br>Buidéal den Sauvignon Blanc, le do thoil.<br>Dhá ghloine fíon bán le do thoil. |
| 7.9 | Ag fiafraí de dhaoine cad é mar a bhí an béile/ar thaitin an béile leo. | Cad é mar a bhí an béile?<br>Ar thaitin an béile leat? |
| 7.10 | Ag cur tuairimí in iúl faoi bhéile. | Bhí sé an-bhlasta.<br>Bhí sé beagáinín róspíosrach.<br>Bhí na glasraí róbhruite. |

| **Gramadach** | **Samplaí** |
|---|---|
| An t-alt agus ainmfhocail | an sicín<br>an t-uibheagán<br>an mhilseog |
| Ceisteanna agus freagraí | Ar mhaith…? Ba mhaith/níor mhaith.<br>An nglacann tú…? Glacaim/ní ghlacaim.<br>An mbeidh…? Beidh/ní bheidh. |

| Stór focal | **Samplaí** |
|---|---|
| Deochanna | tae le bainne/gan bainne<br>tae láidir/lag<br>pota tae<br>sú oráiste<br>fíon dearg<br>fíon bán<br>pionta bainne<br>leathphionta beorach<br><br>leac oighir<br>spúnóg |
| Bia | anraith (glasraí)<br>bradán (deataithe)<br>beacáin<br>sicín (rósta)<br>stéig<br>uibheagán<br>sailéad<br>sceallóga<br>piseanna<br>meacain dhearga/bhána<br>oinniúin<br>uachtar (reoite)<br>cáca cáise<br>pióg úll<br>sailéad torthaí |
| Aidiachtaí | fuar<br>te<br>spíosrach<br>milis<br>blasta |

Beidh an t-iarrthóir ábalta…

***Labhairt***
Na príomhchineálacha bia agus dí a ainmniú, deoch a thairiscint do dhuine eile, béile iomlán a ordú i mbialann, ceisteanna a chur faoin bhia agus tuairimí simplí a nochtadh faoi bhéile.

***Éisteacht***
Ceisteanna agus cur síos bunúsach a bhaineann leis na hábhair thuas a thuiscint.

***Léamh***
Formhór na bhfocal agus na nithe a bhíonn le fáil ar bhiachlár simplí a thuiscint.

***Scríobh***
Liosta siopadóireachta bunúsach a scríobh.

***Topaic 8: Sláinte agus tinneas***

| | **Feidhmeanna** | **Samplaí** |
|---|---|---|
| 8.1 | Ag lorg agus ag tabhairt eolais faoi aclaíocht. | An bhfuil tú aclaí?<br>Tá/níl.<br>An duine aclaí tú?<br>Is ea/ní hea. |
| 8.2 | Ag trácht ar an aclaíocht a dhéanann tú. | Téim ag siúl gach lá.<br>Bím ag siúl sna sléibhte go minic.<br>Imrím eitpheil go rialta. |
| 8.3 | Ag cur síos ar na rudaí a dhéanann tú ar mhaithe le do shláinte. | Ithim bia sláintiúil.<br>Ithim go leor torthaí agus glasraí úra.<br>Ní ólaim ná ní chaithim (tobac). |
| 8.4 | Ag fiafraí de dhuine cad é mar a bhraitheann sé/sí agus ag freagairt na ceiste sin. | Cad é mar a bhraitheann tú?<br>Tá mé go breá.<br>Ní bhraithim rómhaith.<br>Níl mé ach cuibheasach/go measartha. |
| 8.5 | Ag rá céard atá cearr leat. | Tá mo dhroim nimhneach.<br>Ghortaigh mé mo dhroim.<br>Bhris mé mo lámh ag imirt peile.<br>Tá teocht an-ard agam.<br>Tá póit orm. |
| 8.6 | Ag fiafraí de dhuine an bhfuil biseach air/uirthi agus ag freagairt na ceiste sin. | An bhfuil biseach ort go fóill?<br>Tá.<br>Tá mé ag teacht chugam féin.<br>Tá biseach ag teacht orm. |
| 8.7 | Ag cur comhairle ar dhuine. | Ba cheart duit dul chuig an dochtúir.<br>Ba cheart duit sos a thógáil – tá tú ag obair ródhian.<br>Ba cheart duit níos mó aclaíochta a dhéanamh.<br>Caithfidh tú aire níos fearr a thabhairt duit féin.<br>Tá tú ag ól an iomarca. |

| **Gramadach** | **Samplaí** |
|---|---|
| An chopail – ceisteanna agus freagraí | An duine aclaí tú? Is ea/ní hea. |
| An aidiacht shealbhach | mo dhroim |
| Na forainmneacha réamhfhoclacha *orm* agus *agam.* | Tá póit orm.<br>Tá teocht ard agam. |
| An modh coinníollach | Ba cheart … |

| **Stór focal** | **Samplaí** |
|---|---|
| Páirteanna den cholainn | aghaidh<br>smig<br>droim<br>ladhar<br>rúitín<br>tóin |
| Ginearálta | aclaí<br>aclaíocht<br>sláinte<br>sláintiúil<br>teocht<br><br>bris |

Beidh an t-iarrthóir ábalta…

***Labhairt***
Ráitis an-simplí a dhéanamh faoi thinneas agus faoi ghortuithe, ceisteanna simplí a chur ar dhaoine eile faoin chaoi a mothaíonn siad, faoi na rudaí atá cearr leo agus fiafraí díobh an bhfuil siad ag mothú níos fearr.

***Éisteacht***
Ceisteanna simplí agus cur síos an-simplí a bhaineann leis na nithe thuas a thuiscint.

***Léamh***
Focail agus frásaí a bhaineann leis an ábhar seo a aithint. Comhráite scríofa simplí a bhaineann leis an ábhar a léamh.

***Scríobh***
Na príomhfhocail agus na príomhfhrásaí a bhaineann le tinneas agus gortuithe a scríobh.

***Topaic 9: Ag déanamh cur síos ar dhaoine***

| | **Feidhmeanna** | **Samplaí** |
|---|---|---|
| 9.1 | Ag ainmniú páirteanna éagsúla den chorp. | Lámh(a)<br>Cos(a) |
| 9.2 | Ag fiafraí cén chuma atá ar dhuine. | Cén chuma atá air?<br>Cén chuma atá uirthi? |
| 9.3 | Ag rá cén chuma atá ar dhuine. | Tá sé ard tanaí.<br>Tá sí beag dathúil.<br><br>Tá gruaig fhada dhubh air.<br>Tá gruaig ghairid chatach uirthi.<br><br>Tá súile deasa donna aige/aici. |
| 9.4 | Ag fiafraí faoi phearsantacht duine. | Cén cineál duine é/í? |
| 9.5 | Ag déanamh cur síos ar phearsantacht duine. | Is duine cairdiúil é.<br>Is bean chineálta í. |

| **Gramadach** | **Samplaí** |
|---|---|
| Na forainmneacha réamhfhoclacha<br>*orm, agam* agus araile. | orm, ort, air, uirthi, orainn, oraibh, orthu<br>agam, agat, aige, aici, againn, agaibh, acu |
| Ord focal | Tá gruaig fhada dhonn uirthi. |
| Inscne ainmfhocal | gruaig dhonn<br>féasóg fhada |
| Iolra ainmfhocail | cos/cosa<br>súil/súile |
| Ainmfhocail agus aidiachtaí | fear cairdiúil<br>bean chineálta<br>súile donna |

| **Stór focal** | **Samplaí** |
|---|---|
| Páirteanna den cholainn | súil(e)<br>béal<br>féasóg<br><br>ard<br>beag<br>ramhar<br>tanaí<br>dathúil/dóighiúil<br>fada<br>gearr/gairid<br>díreach<br>catach<br>fionn<br>rua<br>liath |
| Tréithe | cairdiúil<br>cineálta<br>deas |

Beidh an t-iarrthóir ábalta…

***Labhairt***
Cur síos simplí a dhéanamh ar an chuma atá ar dhuine agus ar a p(h)earsantacht.

***Éisteacht***
Ceisteanna agus cur síos simplí a bhaineann leis na nithe thuas a thuiscint.

***Léamh***
Na príomhfhocail agus na príomhfhrásaí a bhaineann leis na hábhair thuas a aithint.

***Scríobh***
Abairtí simplí a scríobh faoin chuma atá ar dhuine agus faoina p(h)earsantacht.

***Topaic 10: Éadaí agus siopadóireacht***

| | **Feidhmeanna** | **Samplaí** |
|---|---|---|
| 10.1 | Ag rá go bhfuil rud éigin ag teastáil uait. | Tá bróga nua de dhíth orm.<br>Tá mé ag dul chuig bainis. Caithfidh mé culaith/gúna nua a cheannach. |
| 10.2 | Ag iarraidh ar dhuine triail a bhaint as ball éadaigh. | Bain triail as go bhfeice tú.<br>Cuir ort é go bhfeice tú. |
| 10.3 | Ag lorg agus ag tabhairt tuairimí. | Cad é do bharúil?<br>Tá sé go hálainn.<br>Níl sé ródheas.<br>Tá an dath ró-éadrom/ródhorcha.<br>Ní oireann sé duit. |
| 10.4 | Ag lorg tuairime ó dhuine a mheasann tú a bheith diúltach faoi earra. | Nach maith leat an léine sin?<br>Ní maith. Tá sé gránna! |
| 10.5 | Ag cur tuairimí in iúl faoi chostas. | Tá sé an-saor/an-daor.<br>Sílim go bhfuil sé ródhaor. |
| 10.6 | Ag déanamh comparáid idir earraí. | Tá an léine seo i bhfad níos deise.<br>Tá an sciorta seo níos daoire ná an ceann buí.<br>Tá an cóta gorm seo níos mó/lú. |
| 10.7 | Ag rá gurbh fhearr leat rud éigin eile. | B’fhearr liom ceann níos faide.<br>B’fhearr liom ceann níos giorra. |
| 10.8 | Ag rá cá mhéad a chosnaíonn rud éigin. | Tá sé seachtó (is) a cúig euro.<br>Níl sé ach daichead is a hocht punt. |
| 10.9 | Ag cur in iúl go bhfuil tú chun earra a cheannach. | Sílim go gceannóidh mé é. |
| 10.10 | Ag lorg agus ag tabhairt eolais faoi mhéid. | Cén uimhir/cén mhéid a chaitheann tú?<br>Uimhir/méid a deich. |

| Gramadach | Samplaí |
|---|---|
| Céimeanna comparáide na haidiachta | níos mó<br>níos daoire |
| Uimhreacha (1–100) | dhá euro is fiche<br>daichead is a hocht punt |
| Ainmfhocal móide aidiacht | léine bhuí |

| Stór focal | Samplaí |
|---|---|
| Cineálacha éadaí | carbhat<br>seaicéad<br>cóta báistí<br>crios<br>lámhainní/miotóga<br>hata |
| Dathanna | bándearg<br>liath<br>corcra<br>geal<br>éadrom<br>dorcha |

Beidh an t-iarrthóir ábalta…

***Labhairt***

Na príomhbhaill éadaigh a ainmniú agus tuairimí a chur in iúl fúthu, dathanna éagsúla a ainmniú, labhairt faoi chostas.

***Éisteacht***

Cur síos an-simplí a bhaineann le baill éadaigh a thuiscint, lena n-áirítear an dath atá orthu agus an costas a bhaineann leo.

***Léamh***

Ainmneacha na bpríomhbhall éadaigh agus na dathanna a thuiscint. Uimhreacha simplí a thuiscint i gcomhthéacs praghsanna agus méideanna bróg agus araile.

***Topaic 11: Ag pleanáil laethanta saoire***

| | **Feidhmeanna** | **Samplaí** |
|---|---|---|
| 11.1 | Ag fiafraí de dhuine cén áit a bhfuil sé/sí ag dul ar laethanta saoire. | Cá bhfuil tú ag dul ar laethanta saoire i mbliana? |
| 11.2 | Ag rá cén áit a bhfuil tú ag dul ar laethanta saoire. | Tá mé ag dul go dtí an Fhrainc.<br>Tá mé ag dul go Sasana. |
| 11.3 | Ag fiafraí de dhuine cé a bheidh leis/léi agus ag freagairt na ceiste sin. | Cé a bheidh leat?<br>Mo chuid deirfiúracha.<br>Mo chairde Síle agus Pól. |
| 11.4 | Ag fiafraí de dhuine cá fhad a bheidh sé/sí ar laethanta saoire agus ag freagairt na ceiste sin. | Cá fhad a bheidh tú/sibh ann?<br>Ar feadh cúpla lá.<br>Don deireadh seachtaine.<br>Ar feadh seachtaine. |
| 11.5 | Ag fiafraí de dhuine cén uair atá sé/sí ag dul ar laethanta saoire agus ag freagairt na ceiste sin. | Cén uair atá tú ag dul/ag imeacht?<br>An tseachtain seo chugainn.<br>I gceann coicíse.<br>Ag tús na míosa seo chugainn.<br>Mí na Bealtaine. |
| 11.6 | Ag fiafraí de dhuine faoi na laethanta saoire agus ag freagairt na gceisteanna sin. | Cá mbeidh tú/sibh ag fanacht?<br>In óstán.<br>An mbeidh sibh ag fanacht le Máire?<br>Beidh, don chéad seachtain.<br>An rachaidh sibh ar cuairt chuig Seán?<br>An mbeidh na páistí leat?<br>Ní bheidh. Beidh siad ag fanacht le mo thuismitheoirí. |
| 11.7 | Ag cur ceiste faoin aimsir agus ag freagairt na ceiste sin. | An mbeidh an aimsir maith ag an am sin?<br>Beidh. Tá súil agam. |

| **Gramadach** | **Samplaí** |
|---|---|
| *go dtí* + an t-alt | an Fhrainc: go dtí an Fhrainc<br>an Iodáil: go dtí an Iodáil |
| *go* gan an t-alt | Meiriceá: go Meiriceá<br>Albain: go hAlbain |
| *cúpla* + uimhir uatha | ar feadh cúpla seachtain |
| *ar feadh* + an tuiseal ginideach | ar feadh seachtaine<br>ar feadh coicíse<br>ar feadh míosa<br>(*is leor na cinn seo a fhoghlaim*) |
| *i gceann* + an tuiseal ginideach | i gceann seachtaine<br>i gceann coicíse<br>i gceann míosa<br>(*is leor na cinn seo a fhoghlaim*) |
| Ceisteanna agus freagraí san aimsir fháistineach (na briathra neamhrialta san áireamh). | An mbeidh…? Beidh/ní bheidh.<br>An rachaidh…? Rachaidh/ní rachaidh. |

| **Stór focal** | **Samplaí** |
|---|---|
| Amanna/féilte faoi leith | an Nollaig<br>an Cháisc<br>an deireadh seachtaine fada<br>Lá Fhéile Pádraig |
| Tíortha | An Ghearmáin<br>An Phortaingéil<br>An Astráil<br>Albain<br>An Bhreatain Bheag<br>An tSeapáin<br>An tSín |

Beidh an t-iarrthóir ábalta…

***Labhairt***
Cur síos bunúsach a dhéanamh ar na pleananna atá aige/aici do na laethanta saoire: cén áit a bhfuil sé/sí ag dul, an fhad a bheidh sé/sí ann, cén uair a bheidh sé/sí ag imeacht, cén áit a mbeidh sé/sí ag fanacht agus cad é mar a bheidh an aimsir. Ceisteanna simplí a chur ar dhaoine eile faoi na hábhair chéanna.

***Éisteacht***
Ceisteanna agus cur síos bunúsach a bhaineann leis na nithe thuas a thuiscint.

***Léamh***
Ainmneacha na bpríomhthíortha a aithint. Cur síos bunúsach ar na nithe thuas a thuiscint.

***Scríobh***
Cur síos simplí a scríobh faoi na pleananna atá acu do na laethanta saoire, mar shampla i litir nó i dteachtaireacht ríomhphoist chuig cara.

***Topaic 12: Treoracha, suíomh agus gluaiseacht***

| | **Feidhmeanna** | **Samplaí** |
|---|---|---|
| 12.1 | Ag lorg agus ag tabhairt eolais faoi shuíomh (taobh amuigh). | Cá bhfuil do charr páirceáilte?<br>Tá sé in aice leis an bhanc.<br>Tá sé trasna ón ollmhargadh.<br>Tá sé ansin sa charrchlós. |
| 12.2 | Ag lorg agus ag tabhairt eolais faoi shuíomh (taobh istigh). | Cá bhfuil na heochracha?<br>Tá siad ansin ar an teilifíseán.<br>Tá siad ar an tábla/ar an bhord.<br>Tá siad faoin nuachtán ansin. |
| 12.3 | Ag fiafraí cá bhfuil duine agus ag freagairt na ceiste sin. | Cá bhfuil Liam?<br>Tá sé amuigh sa ghairdín.<br>Tá sí istigh sa seomra suí.<br>Tá sí thuas staighre.<br>Tá sí thíos ansin. |
| 12.4 | Ag fiafraí cá háit a bhfuil an leithreas, nó seomraí eile, agus ag freagairt na ceiste sin. | Cá bhfuil an leithreas?<br>Tá sé ansin ar chlé.<br>Tá sé ansin ar dheis.<br>Tá sé ansin ag bun an halla.<br>Tá sé ag barr an staighre.<br>Sin ansin é – an dara doras ar dheis. |
| 12.5 | Ag lorg agus ag tabhairt treoracha. | Cá bhfuil oifig an phoist?<br>Téigh amach an doras, tiontaigh/cas ar dheis. Tá sé ansin in aice leis an séipéal.<br><br>Téigh suas an tsráid.<br>Téigh síos an bóthar.<br><br>Gabh isteach an doras sin. Tá sé ansin ar dheis. |

| **Gramadach** | **Samplaí** |
|---|---|
| An modh ordaitheach | Téigh<br>Cas/tiontaigh |
| Suíomh | thuas, thíos, istigh, amuigh |
| Gluaiseacht | suas, síos, isteach, amach |
| Réamhfhocal + an t-alt | ón ollmhargadh<br>leis an óstán<br>ar an tábla/ar an mbord<br>faoin nuachtán |
| *Anseo* agus *ansin* | Tá sé anseo.<br>Tá sé ansin ar chlé. |

| **Stór focal** | **Samplaí** |
|---|---|
| Áiseanna | Féach Topaic 2, A1 |
| Seomraí | Féach Topaic 12, A1 |
| Troscán | Féach Topaic 12, A1 |

Beidh an t-iarrthóir ábalta…

***Labhairt***
Ceist a chur cá bhfuil rudaí éagsúla agus treoracha simplí a thabhairt. A rá cá bhfuil nithe éagsúla.

***Éisteacht***
Eolas bunúsach faoi shuíomh a thuiscint, mar aon le treoracha simplí.

***Léamh***
An stór focal bunúsach a bhaineann le suíomh agus treo a phiocadh amach as cur síos níos faide.

***Scríobh***
Treoracha simplí a scríobh mar aon le habairtí simplí maidir le suíomh rudaí.

***Topaic 13: Garanna agus cead***

| | **Feidhmeanna** | **Samplaí** |
|---|---|---|
| 13.1 | Ag iarraidh garanna (neamhfhoirmeálta). | Tabhair dom an peann sin soicind.<br>A Shéamais, an bhféadfá an fhuinneog sin a dhúnadh, le do thoil.<br>An bhféadfá an doras sin a oscailt – tá sé an-te istigh anseo.<br>Oscail an doras sin dom, maith an fear. |
| 13.2 | Ag iarraidh garanna (réasúnta foirmeálta). | Ar mhiste leat gar beag a dhéanamh dom?<br>Ar mhiste leat ríomhphost a chur chugam, má fhaigheann tú an deis?<br>Ar mhiste leat an litir seo a chur sa phost? |
| 13.3 | Ag cur in iúl go bhfuil nó nach bhfuil tú sásta gar a dhéanamh do dhuine. | Cinnte.<br>Tá brón orm ach …<br>níl an t-am agam.<br>tá coinne agam.<br>tá mé róghnóthach. |
| 13.4 | Ag iarraidh ceada/ag tabhairt agus ag diúltú ceada. | An bhféadfainn/an dtig liom an fhuinneog seo a oscailt?<br>Cinnte – ar aghaidh leat.<br><br>An dtig liom an ceol seo a chasadh síos rud beag?<br>Cinnte. Tá sé cineál ard.<br><br>An bhféadfainn an leabhar seo a fháil ar iasacht?<br>Cinnte, ach beidh sé ag teastáil uaim arís ag an deireadh seachtaine. |
| 13.5 | Ag iarraidh labhairt le duine/ag cur in iúl do dhuine gur féidir leis/léi labhairt le duine. | An dtig liom labhairt leis an bhainisteoir?<br>An bhféadfainn labhairt le Brian Ó Duinn?<br>An bhféadfainn labhairt leis/léi?<br>Cinnte. Fan ar an líne. |
| 13.6 | | Tá brón orm ach …<br>Tá sí ar saoire faoi láthair. |

| | Feidhmeanna | Samplaí |
|---|---|---|
| | Ag cur in iúl do dhuine cén fáth nach féidir leis/léi labhairt le duine éigin. | Tá sé as baile.<br>Níl sí san oifig faoi láthair.<br>Níl sé ag obair inniu. |

| Gramadach | Samplaí |
|---|---|
| An modh ordaitheach | tabhair<br>oscail<br>dún |
| An modh coinníollach | An bhféadfá …?<br>An bhféadfainn …?<br>(na cinn seo amháin) |
| Ord focal | An bhféadfainn an fhuinneog seo a oscailt? |

| Stór focal | Samplaí |
|---|---|
| Briathra | dún/druid<br>oscail<br>faigh<br>cuir<br>féad<br>labhair le |

Beidh an t-iarrthóir ábalta…

***Labhairt***
Garanna simplí agus cead a iarraidh. A chur in iúl cé acu an bhfuil nó nach bhfuil sé/sí sásta gar a dhéanamh nó cead a thabhairt.

***Éisteacht***
Iarratais shimplí a thuiscint agus fios a bheith aige/aici go bhfuil duine eile sásta gar a dhéanamh nó cead a thabhairt dó/di.

***Léamh***
Nótaí gearra a thuiscint ina bhfuil gar nó cead á iarraidh.

***Scríobh***
Garanna simplí agus cead a iarraidh i bhfoirm scríofa.

***Topaic 14: Ag déanamh socruithe***

| | **Feidhmeanna** | **Samplaí** |
|---|---|---|
| 14.1 | Ag fiafraí de dhaoine an mbeidh siad saor agus ag freagairt na ceiste sin. | Cad é atá tú a dhéanamh oíche Mháirt?<br>Faic. Cén fáth?<br>Tá mé ag dul go Corcaigh. Cad chuige? |
| 14.2 | Ag tabhairt cuireadh do dhuine/ag glacadh le cuireadh agus ag diúltú do chuireadh. | Ar mhaith leat dinnéar a ithe liom?<br>Ar mhaith leat lón a ithe liom féin agus le Bairbre?<br>Ba bhreá liom.<br>Ba bhreá liom ach …<br>beidh mé i nGaillimh.<br>beidh mé gafa.<br>beidh mé as baile.<br>beidh mé ag tabhairt aire do na páistí. |
| 14.3 | Ag cur díomá in iúl. | Is mór an trua sin! |
| 14.4 | Ag iarraidh teacht ar chinneadh agus ag déanamh moltaí. | Cad é a dhéanfaimid san oíche amárach?<br>Cad é faoi/céard faoi dhul chuig dráma? |
| 14.5 | Ag plé cúrsaí ama. | Cén t-am a thosóidh sé?<br>Ar cheathrú/ag ceathrú tar éis a hocht.<br>Ag cúig bhomaite is fiche go dtí a naoi. |
| 14.6 | Ag socrú ama. | Cén t-am a chasfaimid le chéile?<br>Beidh an traein istigh ar chúig nóiméad chun a naoi. Casfaidh mé leat ansin. |
| 14.7 | Ag rá le duine cén t-am a bhaileoidh tú é/í. | Baileoidh mé thú timpeall a naoi.<br>Beidh mé ansin roimh leath i ndiaidh a seacht. |
| 14.8 | Ag gabháil buíochais. | Tá mé an-bhuíoch díot. |

| **Gramadach** | **Samplaí** |
|---|---|
| An aimsir fháistineach den bhriathar | Beidh mé gafa. |
| *Ar* + séimhiú | Ar cheathrú chun a naoi. |
| Uimhreacha agus am | Cúig nóiméad tar éis a sé.<br>Deich mbomaite i ndiaidh a seacht.<br>Fiche tar éis a seacht.<br>Cúig bhomaite is fiche go dtí a deich. |

| **Stór focal** | **Samplaí** |
|---|---|
| Ginearálta | Féach Caitheamh aimsire, A1 & A2 agus Saol laethúil A1. |

Beidh an t-iarrthóir ábalta…

***Labhairt***
A fháil amach an bhfuil duine saor agus tagairt a dhéanamh do na príomhócáidí sóisialta. Cuireadh a thabhairt agus glacadh le cuireadh agus diúltú do chuireadh. Socruithe simplí a dhéanamh a bhaineann le ham agus le háit.

***Éisteacht***
Ceisteanna agus comhráite simplí a bhaineann le cuirí agus ócáidí sóisialta a thuiscint.

***Léamh***
Cuirí an-simplí a thuiscint (mar shampla, ar chárta ag tabhairt cuireadh chuig cóisir).

***Scríobh***
Cuirí simplí a scríobh. Nóta an-simplí a scríobh ag glacadh le cuireadh nó ag diúltú do chuireadh.

## *3. Treoir do Scrúdú Bhonnleibhéal 2 (A2)*

### *3.1 Treoir ghinearálta*

- Bíonn an scrúdú le haghaidh creidiúint iomlán ar siúl uair amháin sa bhliain, mí Aibreáin nó mí Bealtaine, in Ollscoil Mhá Nuad nó in ionaid eile in Éirinn, san Eoraip, i Stáit Aontaithe Mheiriceá agus i gCeanada. Maidir le páirtchreidiúint ag amanna eile den bhliain, moltar d'eagraíochtaí dul i dteagmháil le Lárionad na Gaeilge le tuilleadh eolais a fháil.
- Tá foirmeacha iarratais agus eolas reatha maidir le dátaí, ionaid agus araile le fáil ar www.teg.ie.
- Is i nGaeilge a bhíonn na treoracha agus na ceisteanna ar fad ar na páipéir scrúduithe.
- Níl cead ag iarrthóirí aon fhoclóir a bheith acu sa halla scrúdaithe le linn an scrúdaithe.
- Téigh go dtí an rannóg Ceisteanna Coitianta ar an suíomh seo má bhíonn aon cheist acu. Is féidir tuilleadh eolais a fháil ó Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad, Co. Chill Dara, Éire (01) 7083737 nó teg@mu.ie .
- Chomh maith leis an eolas sa cháipéis seo, moltar d'iarrthóirí staidéar a dhéanamh ar na cáipéisí seo a leanas atá le fáil ar www.teg.ie:
  *Scrúduithe Samplacha Bhonnleibhéal 2 (A2)*
  *Tuairisc an Phríomhscrúdaitheora do* Scrúdú Bhonnleibhéal 2(A2)

#### *Grádú*

Cuirfear an marc iomlán a ghnóthaigh an t-iarrthóir ar fáil, mar aon le briseadh síos ar na marcanna a ghnóthaigh an t-iarrthóir sna rannóga éagsúla. Níl aon íos-phasmharc ann sna rannóga éagsúla.

| ***Scrúdú Bhonnleibhéal 2 (A2)*** | |
|---|---|
| 80 - 100% | Pas le gradam |
| 65 - 79% | Pas le tuillteanas |
| 50 - 64% | Pas |
| 0 - 49% | Teip |

#### *Leagan amach an scrúdaithe*

Tá ceithre rannóg sa scrúdú: labhairt, cluastuiscint, léamhthuiscint agus scríbhneoireacht. Seo mar a dhéantar na marcanna a dháileadh:

| ***Scrúdú Bhonnleibhéal 2 (A2)*** |
|---|
| • Labhairt 35% |
| • Cluastuiscint 25% |
| • Léamhthuiscint 25% |
| • Scríbhneoireacht 15% |

Tugtar mioneolas maidir leis na rannóga ar fad thíos. Moltar d'iarrthóirí staidéar cuimsitheach a dhéanamh ar na scrúduithe samplacha atá le fáil ar an suíomh seo.

### *3.2 An scrúdú cluastuisceana*

Seo a leanas sonraí maidir leis na tascanna sa scrúdú cluastuisceana:

| Rannóg | Líon míreanna | An cineál téacs | Formáid na bhfreagraí | Líon marcanna | Fócas an taisc |
|---|---|---|---|---|---|
| **1** | 6 | Trí fhógra ghearra | Freagra gearr (focal amháin, uimhir nó frása) | 12 | Ag éisteacht chun eolas faoi leith a aimsiú. |
| **2** | 6 | Trí chomhrá ghearra neamh-fhoirmiúla | Freagra gearr (focal amháin, uimhir nó frása) | 12 | Ag éisteacht chun eolas simplí fíorasach a aimsiú. |
| **3** | 9 | Comhrá níos faide | Freagra gearr (focal amháin, uimhir nó frása) / Freagra ilroghnach (ceithre rogha) | 9 | Ag éisteacht chun eolas simplí fíorasach a aimsiú. |
| **4** | 6 | Comhrá níos faide | Freagra ilroghnach (trí rogha: fíor/bréagach/ní deirtear) | 12 | Ag éisteacht chun eolas simplí fíorasach a aimsiú. |

### *Eolas ginearálta*

- Is i nGaeilge amháin a bheidh an t-ábhar a bheidh le cloisteáil ar an taifeadadh.
- Beidh cúig nóiméad ag iarrthóirí leis an scrúdú a léamh sula gcuirfear an taifeadadh ar siúl.
- Is ionann na treoracha a bheidh le cloisteáil ar an taifeadadh agus na treoracha ar leathanaigh an scrúdaithe.
- Cloisfear gach téacs cluastuisceana faoi dhó. Beidh am ag iarrthóirí idir gach ceist chun a gcuid freagraí a sheiceáil. Beidh breis ama acu ag deireadh ar fad chun a gcuid freagraí a sheiceáil.
- Mairfidh an chuid seo den scrúdú timpeall 25 nóiméad.
- Bainfear úsáid as cainteoirí maithe a bhfuil guth soiléir acu. Beidh na trí mhórchanúint in úsáid, ach ní bhainfear úsáid as cainteoirí a bhfuil blas réigiúnach an-láidir ar a gcuid cainte.

- Bainfear úsáid as ábhar atá bunaithe ar ábhar dílis sa chuid seo den scrúdú. Is é atá i gceist leis sin ná go mbeidh an t-ábhar bunaithe ar ábhar atá le cloisteáil sa saol laethúil, mar shampla fógraí ar RTÉ Raidió na Gaeltachta, comhráite agus araile.
- Nuair a bhíonn gá le freagra scríofa (focal nó frása) ní mór do fhreagraí na n-iarrthóirí bheith i nGaeilge.

***Marcáil***

- Tá dhá mharc ag gabháil do gach ceist i rannóg 1, 2 agus 4. Marc amháin atá ag gabháil do gach ceist i rannóg 3. 45 marc ar fad atá ag gabháil don Scrúdú Cluastuisceana. Is fiú 25% den scrúdú iomlán an Scrúdú Cluastuisceana.
- Baintear úsáid as dhá chineál ceiste. I gcás na gceisteanna ilrogha, meabhraítear d'iarrthóirí nár cheart tic a chur ach i mbosca amháin. Ní bhronnfar marcanna ar iarrthóirí a chuireann tic i níos mó ná bosca amháin, fiú amháin má roghnaíonn siad an freagra ceart. Maidir leis na ceisteanna sin a gcaithfear freagra gearr a thabhairt orthu, glacfar le mílitriú fad agus atá an méid a scríobhtar inaitheanta. An t-aon eisceacht air sin ná nuair a dhéanann cainteoir ar an taifeadadh féin an focal a litriú.

***3.3 An scrúdú léamhthuisceana***

Seo a leanas sonraí maidir leis na tascanna sa scrúdú léamhthuisceana:

| *Rannóg* | *Líon míreanna* | *An cineál téacs* | *Formáid na bhfreagraí* | *Líon marcanna* | *Fócas an taisc* |
|---|---|---|---|---|---|
| **1** | 6 | Comhrá idir chairde/ghaolta | Meaitseáil ilroghnach (roghnaigh sé mhír as naoi gcinn ) | 12 | Ag léamh agus ag aithint an fhreagra chuí. |
| **2** | 6 | Ráitis nó ceisteanna gearra; agus freagraí | Freagra ilroghnach (trí rogha) | 12 | Ag léamh agus ag aithint an fhreagra chuí. |
| **3** | 6 | Trí théacs ghearra den chineál céanna (léirmheas ar leabhar nó scannán, cur síos ar chlár teilifíse, srl.) | Freagra ilroghnach (trí rogha) | 12 | Ag léamh agus ag fáil miontuisceana ar an ábhar. |
| **4** | 6 | Alt as nuachtán/iris | Ceist ilroghnach (trí rogha: | 12 | Ag léamh agus ag fáil miontuisceana ar |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | fíor/bréagach/ní deirtear) | | an ábhar agus ar na príomhphointí. |
| **5** | 12 | Agallamh as nuachtán/iris | Triail iomlánaithe (oscailte) | 12 | Ag léamh agus ag aithint na bhfocal cuí. |

***Eolas ginearálta***

- Maireann an scrúdú léamhthuisceana agus an scrúdú scríbhneoireachta 90 nóiméad ar fad. Is faoi na hiarrthóirí iad féin atá sé cad é mar a dhéanann siad an t-am a roinnt idir an dá rannóg sin.
- Sa rannóg seo, beifear ag súil go mbainfidh na hiarrthóirí úsáid as na hacmhainní teoranta atá acu ó thaobh stór focal agus struchtúr de chun na príomhtheachtaireachtaí agus roinnt sonraí a thuiscint i réimse téacsanna.
- Beidh dúshláin éagsúla le sárú ag na hiarrthóirí sna ceisteanna éagsúla – féach an tábla thíos. Seans go dtiocfaidh siad ar fhocail nach bhfuil le fáil sa siollabas. Ina leithéid sin de chás, ba chóir go mbeidís in ann straitéisí oiriúnacha a úsáid chun brí na bhfocal a thomhas nó cinneadh a dhéanamh nach bhfuil a leithéid d'fhocail riachtanach chun brí fhoriomlán an phíosa a thuiscint.
- Sna téacsanna seo beidh an bhéim ar fhíricí agus ar thuairimí.

***Marcáil***

- Marc amháin atá ag gabháil do gach ceist i rannóg 5. Dhá mharc atá ag gabháil do gach ceist sna rannóga eile. 60 marc ar fad atá ag gabháil don scrúdú léamhthuisceana. Is fiú 25% den scrúdú iomlán an scrúdú léamhthuisceana.
- Moltar go láidir d'iarrthóirí cloí leis na treoracha a leagtar síos maidir le freagairt na gceisteanna.

***3.4 An scrúdú scríbhneoireachta***

Seo a leanas sonraí maidir leis na tascanna sa scrúdú scríbhneoireachta:

| ***Rannóg*** | ***Líon míreanna*** | ***An cineál téacs*** | ***Formáid na bhfreagraí*** | ***Líon marcanna*** | ***Fócas an taisc*** |
|---|---|---|---|---|---|
| **1** | 1 | Paragraf gearr | Tasc treoraithe bunaithe ar shraith pictiúr | 12 | Cruinneas gramadaí agus struchtúir na teanga. |
| **2** | 1 | Ríomhphost, cárta poist nó nóta neamh-fhoirmiúil | Tasc treoraithe bunaithe ar théama agus | 12 | Cruinneas gramadaí agus struchtúir na teanga. |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | ar eochairfhocail | | |
| **3** | 10 | Ríomhphost, litir ghearr nó nóta | Triail iomlánaithe (oscailte) | 10 | Cruinneas gramadaí agus struchtúir na teanga. |

***Eolas ginearálta***

- Maireann an scrúdú léamhthuisceana agus an scrúdú scríbhneoireachta 90 nóiméad ar fad. Is faoi na hiarrthóirí iad féin atá sé cad é mar a dhéanann siad an t-am a roinnt idir an dá rannóg sin.
- Ag an leibhéal, seo bítear ag súil le hiarrthóirí a bheith in ann téacsanna atá an-ghairid agus simplí agus neamhfhoirmiúil a scríobh. Baineann na hábhair leis an teaghlach, caitheamh aimsire, laethanta saoire agus ábhair eile a bhaineann go dlúth leis an ghnáthshaol.
- Sa triail iomlánaithe, bíonn ar iarrthóirí focal amháin atá iomlán ceart ó thaobh na gramadaí de a scríobh i ngach bearna.

***Marcáil***

- 34 marc atá ag gabháil don scrúdú scríbhneoireachta. Is fiú 15% den scrúdú iomlán an scrúdú scríbhneoireachta.
- Déanfar measúnú ar na gnéithe seo a leanas: cruinneas gramadaí, stór focal agus ábhar.

### *3.5 An scrúdú cainte*

Seo a leanas sonraí maidir leis na tascanna sa scrúdú cainte:

| *Cuid* | *An fad ama* | *An cineál taisc* | *Na feidhmeanna teanga* |
|---|---|---|---|
| **1** | 4-5 nóiméad | Cuirtear ceisteanna ar an iarrthóir faoina s(h)aol laethúil (áit chónaithe, teaghlach, obair, caitheamh aimsire, laethanta saoire, taisteal srl.) | Ag tabhairt eolais. |
| **2** | 2-3 nóiméad | Rólghníomhaíocht:<br>(1) Tugtar cárta don iarrthóir cúig nóiméad sula dtosaíonn an scrúdú. Tá eochairfhocail ar an chárta a bhaineann le himeacht ar leith: ag pleanáil laethanta saoire nó ag déanamh cur síos ar dheireadh seachtaine srl. | Ag tabhairt eolais.<br><br>Ag lorg eolais.<br><br>Ag léiriú tuairimí simplí. |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | Freagraíonn an t-iarrthóir ceisteanna ón scrúdaitheoir maidir le dátaí, áiteanna, praghas, turais srl.<br>(2) Ansin cuireann an t-iarrthóir ceisteanna ar an scrúdaitheoir faoi imeacht atá cosúil leis an cheann atá léirithe ar an rólchárta. (Ní thugtar aon leideanna). | |
| **3** | 2-3 nóiméad | Ag insint scéal simplí:<br>Tugtar sraith de 6 phictiúr don iarrthóir agus tá nóiméad amháin aige/aici le féachaint orthu. Ansin déanann an t-iarrthóir cur síos ar an mhéid atá ag tarlú sna pictiúir. Radhairc ón ghnáthshaol a léireofar iontu: ag ithe i mbialann, ag siúl sna sléibhte srl. agus eachtra éigin a tharlaíonn, goidtear mála, titeann duine agus gortaítear é/í srl. | Ag déanamh cur síos ar phictiúir bunaithe ar liosta simplí pointí. |

***Eolas ginearálta***

- Iarrthóir amháin a bheidh faoi scrúdú ag aon am ar leith. Beidh beirt scrúdaitheoirí i mbun an scrúdaithe. Beidh duine de na scrúdaitheoirí i mbun measúnachta ar feadh thréimhse an scrúdaithe agus ní bheidh sé/sí páirteach sa chomhrá. Beidh an duine eile ag meas chumas an iarrthóra chomh maith, ach cuirfidh seisean/sise ceisteanna ar an iarrthóir agus déanfaidh sé/sí na tascanna a bheas le déanamh ag an iarrthóir a riar.
- 5 nóiméad sula dtosaíonn an scrúdú, faigheann an t-iarrthóir an cárta atá le húsáid sa rólghníomhaíocht i gcuid 2 den scrúdú.
- Maidir le cuid 3 den scrúdú tugtar 1 nóiméad don iarrthóir le smaoineamh ar cad a déarfaidh sé/sí sula n-iarrtar air/uirthi cur síos a dhéanamh ar an scéal a léirítear sna pictiúir.
- Déantar taifeadadh ar scrúduithe cainte d’fhonn monatóireacht a dhéanamh agus don dearbhú cáilíochta. D'fhéadfaí go mbainfí úsáid as taifeadtaí anaithnidithe ar mhaithe le hoiliúint agus taighde chomh maith.

***Marcáil***

- Bronnfar marcanna ar iarrthóirí as a gcuid iarrachtaí le linn an scrúdaithe iomláin agus ní bhronnfar marcanna ar thascanna faoi leith. Is fiú 35% den scrúdú iomlán na marcanna atá ag gabháil don scrúdú cainte.

- Seo iad na gnéithe den teanga a ndéanfar measúnú orthu sa scrúdú cainte: cruinneas gramadaí, stór focal, foghraíocht, líofacht agus cumarsáid. Tá dhá rud i gceist le 'cumarsáid'. (1) Ábaltacht iarrthóirí úsáid a bhaint as straitéisí cumarsáide, m.sh. soiléiriú a lorg nó iarraidh ar dhuine rud a rá an dara huair, a rá go bhfuil rud éigin ann nach dtuigeann siad srl. (2) Inniúlacht bhunúsach shochtheangeolaíoch. Ba chóir go mbeadh na hiarrthóirí in ann frásaí simplí a úsáid chun bunteagmháil shóisialta a dhéanamh, m.sh. beannú do dhuine, slán a fhágáil, cead a iarraidh, buíochas a thabhairt, leithscéal a ghabháil srl.
- Meabhraítear d'iarrthóirí go bhféadfadh an scrúdaitheoir focail/frásaí ar nós 'suimiúil', 'an-mhaith', 'go maith' srl., a úsáid le linn an chomhrá lena léiriú go bhfuil sé/sí ag éisteacht leis an iarrthóir. Is gné nádúrtha é seo de chomhrá agus ní measúnú ná tagairt atá ann do chumas Gaeilge an iarrthóra ná ar conas atá ag éirí leis/léi sa scrúdú.
- Cuirtear treoir chinnte agus oiliúint chuimsitheach ar fáil do na scrúdaitheoirí a bheidh i mbun na scrúduithe cainte. Tá próisis mhonatóireachta agus chaighdeánaithe i bhfeidhm le hiontaofacht na marcanna a chinntiú.